Conradh Sóisialta Nua don Eoraip

PSE Manifesto 2019

Ní mór don Aontas Eorpach freastal níos fearr a dhéanamh dá mhuintir. Tá an deis againn an tAontas a athrú agus Eoraip níos cothroime a thógáil sna toghcháin Eorpacha a bheidh ar siúl i mí na Bealtaine 2019. Iompraíonn ár sochaithe fós costais shóisialta na géarchéime eacnamaíochta 2008, agus tá dúshláin phráinneacha romhainn amach. Ní mór don Eoraip éagothroime a shárú, aghaidh a thabhairt ar cheartais cánach a bhaint amach, dul i ngleic le bagairt an athraithe aeráide, leas a bhaint as an réabhlóid dhigiteach, a chinntiú go ndéanfar claochlú cothrom talmhaíochta, bainistiú níos fearr a dhéanamh ar an imirce agus slándáil a ráthú do na hEorpaigh go léir. Tá athrú ceannaireachta agus treorach beartais ag teastáil ón Eoraip, ag fágáil na múnlaí nualiobrálacha agus coimeádacha ón am atá thart inár ndiaidh, agus ag díriú ar phoist d'ardchaighdeán dá phobal, timpeallacht shláintiúil, slándáil shóisialta agus samhail eacnamaíoch a thugann aghaidh ar neamhionannas agus ar an gcostas maireachtála. Ní rogha é an status quo. Tá athrú radacach ag teastáil chun tionscadal a thógáil don todhchaí ar féidir le gach Eorpach a chreidiúint ann. Bréaga contúirteacha amháin atá á ndíol ag náisiúnaithe maoithneacha, rud atá ag cur an dul chun cinn a rinneadh roimhe seo agus luachanna Eorpacha i mbaol. Ní mór dúinne - Sóisialaithe agus Daonlathaithe - **folláine na saoránach a ráthú** agus a chinntiú go ndéanfar **dul chun cinn sóisialta agus éiceolaíochta, gan aon duine ná aon chríoch a fhágáil inár ndiaidh sna haistrithe glasa agus digiteacha.** Ní mór don Eoraip bogadh go samhail chiorclach táirgeachta agus tomhaltais a léiríonn meas ar theorainneacha ár bplainéid. Is mian linn aontacht na hEorpa a neartú agus urramú dá héagsúlacht ag an am céanna. Mar Shóisialaigh agus Daonlathaithe, molaimid Conradh Sóisialta nua don Eoraip.

EORAIP AN CHOMHIONANNAIS AGUS NA COTHROIME. Ní mór an neamhionannas a laghdú go mór agus ní mór stad a chur leis an gcomhchruinniú saibhris agus maoine i lámha an bheagáin atá ina suí go te. Tá ríthábhacht le hEoraip an leasa ina bhfuil stáit láidre leasa shóisialaigh, líonta sábháilteachta sóisialta agus seirbhísí poiblí d'ardchaighdeán chun cosc a chur ar bhochtaineacht agus chun cosaint a thabhairt dóibh siúd atá i ngátar, lena n-áirítear an óige, daoine scothaosta, oibrithe leochaileacha agus daoine atá dífhostaithe. Tá dualgas orainn daoine a chosaint má thagann tinneas orthu, má chailleann siad a bpost, má bhíonn siad faoi mhíchumas nó má bhíonn siad ar an ngannchuid. Tá an ceart chun cúram sláinte d'ardchaighdeán, oideachas agus pinsin réasúnta uilíoch agus ní mór é a chosaint. Tá ceart ag daoine de gach aois a bheith ag obair agus maireachtáil le dínit. Ní mór aghaidh a thabhairt ar an dífhostaíocht agus ar an eisiamh sóisialta i dteannta a chéile, Seachas deileáil leo mar theip an duine aonair. Ní mór go n-urramaítear don phrionsabal go bhfuil pá comhionann as obair chomhionann san áit chéanna. Caithfidh na cearta céanna a bheith ag gach oibrí: níl aon phost gan conradh, níl aon phost gan tuarastal cothrom, agus cosc a chur ar chonarthaí uaireanta-nialasacha agus féinfhostaíocht bhréige. Déanfaimid troid le haghaidh pá íosta réasúnta ar fud na hEorpa. Tá bochtaineacht lucht oibre neamh-inghlactha ar bhonn morálta agus eacnamaíoch. Teastaíonn sásra comhlántach uainn maidir le hárachas dífhostaíochta, chun tacú leis na Ballstáit i gcás méadú mór ar an dífhostaíocht. Is le hidirphlé sóisialta éifeachtach agus ballraíocht cheardchumainn is fearr chun cosaint oibrithe agus pá méadaithe a ráthú. Teastaíonn Údarás Eorpach Saothair láidir uainn a mbeidh sé de chumhacht aige dumpáil shóisialta a chomhrac agus soghluaisteacht saothair chothrom a áirithiú ar fud an Aontais. Tá gá le Plean Gníomhaíochta Sóisialta chun rialacha ceangailteacha a dhéanamh

de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta san Aontas, lena neartófar córais leasa, lena n-urramófar samhlacha mhargaidh an tsaothair agus lena bhfeabhsófar caighdeáin mhaireachtála.

EORAIP NA DLÚTHPHÁIRTÍOCHTA DON MHÓRCHUID, NÍ DON BHEAGÁN. Ní ghéillfimid d'fhórsaí margaidh neamhrialaithe agus cuirfimid deireadh le beartais déine ar deireadh thiar. Ní mór don Eoraip deis eacnamaíoch a chruthú do gach duine, agus a chinntiú go bhfuil rathúnas inbhuanaithe agus comhroinnte go cothrom i measc na nEorpach go léir. Ní mór Plean Infheistíochta fadtéarmach a bheith againn chun ár gcuid tionscal agus oibrithe a ullmhú ionas go mbainfidh siad leas as an aistriú glas, an réabhlóid dhigiteach agus fás na faisnéise saorga. Caithfidh straitéis tionsclaíochta na hEorpa infheistíocht a dhíriú isteach i dtaighde agus nuálaíocht, tacú le hoiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil, agus a chinntiú go gcruthófar agus go gcosnófar poist san Aontas Eorpach. Ní mór athchóiriú substaintiúil a dhéanamh ar an limistéar euro agus a bhuiséad féin a bheith aige chomh maith. Ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar rialacha buiséadacha na hEorpa chun a chinntiú go gcothaíonn siad fás agus fostaíocht inbhuanaithe. Ní mór tosaíocht a thabhairt do chearta sóisialta do shaoránaigh seachas saoirsí eacnamaíocha do chorparáidí móra. Teastaíonn ceartas cánach uainn agus leanfaimid ar aghaidh ag comhrac i gcoinne imghabháil cánach, seachaint cánach agus pleanáil ionsaitheach chánach. Déanfaimid cur chuige comhchoiteann Eorpach a chur chun cinn ag cinntiú go mbeidh leibhéal cuí cánach éifeachtaí ann agus go gcuirfear stop leis an mbrú anuas ar iomaíochas cánach corparáidí. Caithfidh gach saoránach agus gach cuideachta cur go cothrom leis an tsochaí trí urramú dá n-oibleagáidí cánach. Ní mór cáin a ghearradh ar na brabúis nuair a ghintear iad. Déanfaimid rialacha na n-earnálacha airgeadais agus baincéireachta a neartú mar níor chóir go m-iompródh saoránaigh costais na mbotún atá déanta ag na bainc nó níor chóir go bhfeicfidís a gcuid taiscí i mbaol. Tá buiséad níos láidre ag teastáil ón Eoraip chun comhtháthú agus dlúthpháirtíocht a áirithiú idir saoránaigh, réigiúin agus tíortha, ag cur feabhais ar chaighdeáin mhaireachtála ar fud na hEorpa agus ag laghdú neamhionannais.

EORAIP INBHUANAITHE A CHOSNAÍONN ÁR bPLÁINÉAD. Caithfidh an Eoraip a bheith ina cheannródaí sa chomhrac ar mhaithe leis an gcomhshaol, ag tabhairt aghaidhe ar an athrú aeráide, go háirithe mar go bhfuil cuid dár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta ag titim chun cúil. Caithfidh an Eoraip an bhithéagsúlacht ar ár mór-roinn agus ar fud an domhain a chosaint agus deireadh a chur leis an truailliú. Cuimsítear inár bhfís cosaint dár bplainéad agus leas ár saoránach uile; ní mór aer glan, uisce glan, fuinneamh glan agus bia d'ardchaighdeán a bheith inrochtana do gach duine. Ní mór don Aontas Eorpach Comhshocrú Forbartha Inbhuanaithe a ghlacadh le spriocanna sóisialta agus éiceolaíochta lena chinntiú nach sáraíonn leasanna eacnamaíocha an comhshaol. Cabhróidh Ciste um Aistriú Cóir chun Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus Spriocanna na Náisiún Aontaithe a chur i bhfeidhm ar bhealach atá cothrom ón taobh sóisialta de. Ardóidh muid uaillmhian aeráide an

Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Comhaontú Pháras agus an eolaíocht is déanaí maidir le hathrú aeráide. Éilíonn cosaint na timpeallachta go ndéanfar athnuachan ar an tionscal Eorpach chun go mbeidh muid mar cheannródaí i bhfuinneamh inathnuaite agus go mbeidh muid neodrach ó thaobh díobháil aeráide de faoin mbliain 2050, ar a dhéanaí. Ba cheart cáin a ghearradh ar astaíochtaí CO_2 ar fud an Aontais ar bhealach cothrom ón taobh sóisialta de, sa chaoi go n-íocann údar an truaillithe as agus go dtacaítear le hinfheistíocht i bhfuinneamh glan inacmhainne. Trí fheabhas a chur ar an tsoghluaisteacht agus ar chaighdeán an aeir agus ar thithíocht inacmhainne agus éifeachtúil ó thaobh fuinnimh a sholáthar, is féidir linn feabhas a chur ar chaighdeán saoil na saoránach. Chuige sin, déanfaimid Plean do Thithíocht Incheannaithe agus Plean d'Iompar Poiblí Glan san Eoraip a chur chun cinn. Déanfaimid comhrac i gcoinne bhochtaineacht fuinnimh agus bochtaineacht a bhaineann le huisce, agus déanfaimid cinnte de go mbeidh bia inrochtana, sláintiúil agus d'ardchaighdeán ar fáil, táirgí sábháilte agus cuirfimid deireadh le nochtadh díobhálach do cheimiceáin thocsaineacha. Ba cheart go gcabhródh athchóiriú ar bheartas talmhaíochta an Aontais le héilimh nua shochaíocha a chomhlíonadh, lena n-áirítear modhanna táirgthe inbhuanaithe, cothú níos fearr, dramhaíl bia laghdaithe, leas ainmhithe níos fearr, cosaint aeráide agus caomhnú bithéagsúlachta.

EORAIP SHAOR AGUS DHAONLATHACH. Is luach bunaidh de chuid an Aontais é an daonlathas. Ní mór é a urramú san Eoraip agus é a chur chun cinn thar lear. Geallaimid go ndéanfaimid ár ndaonlathas a chosaint agus a fheabhsú, rannpháirtíocht saoránach a chumhachtú ón leibhéal áitiúil go dtí an leibhéal Eorpach. Ní mór rannpháirtíocht shibhialta, cuntasacht phoiblí, agus próisis chinnteoireachta atá cothrom agus trédhearcach a fheabhsú ar gach leibhéal. Teastaíonn sochaithe uainn atá oscailte agus bríomhar, áit a bhfuil cearta comhionanna ag daoine aonair agus inar féidir leo maireachtáil saor ón idirdhealú, claontacht agus gnéasachas, agus ina léirítear meas iomlán dá bpríobháideachas agus dá sábháilteacht. Saibhríonn an éagsúlacht chultúrtha an Eoraip agus a muintir. Tá an éagsúlacht ina cuid d'fhéiniúlacht agus de neart na hEorpa; ní mór cearta na mionlach uile a chosaint. Molaimid go mbeidh Lá na hEorpa ar an 9 Bealtaine ina lá saoire poiblí i ngach Ballstát chun síocháin agus aontacht san Eoraip a cheiliúradh. Troidfimid ina gcoinne siúd a shealbhaíonn fuath, éadulaingt agus idirdhealú in éadan daoine eile. Cosnóimid an smacht reachta agus cearta an duine i ngach Ballstát agus cinnteoimid go bhfuil na huirlisí riachtanacha ar fad ag an Aontas chun é sin a dhéanamh. Teastaíonn bearta láidre uainn chun cosc a chur ar aon mhí-úsáid atá á baint as cistí an Aontais nó as cistí poiblí, cibé acu a tharlaíonn sé sin le haghaidh brabúis phríobháidigh nó chun cumhacht polaitiúil a threisiú. Cinnteoimid nach gcuirfear brú míchuí ar eagraíochtaí a chosnaíonn saoránaigh maidir lena gcistiú agus a gceart chun oibriú.

Seasaimid ina gcoinne siúd a chuir ár ndaonlathas faoi bhrú trí ‘bhréagnuacht' a scaipeadh, trí dhíospóireacht phoiblí a chúbláil, nó trí chur isteach ar mhalartú daonlathach d’aon turas. Ní mór tacaíocht a thabhairt do mheáin chumarsáide agus do shochaí shibhialta atá saor agus neamhspleách agus cead a bheith acu a ról a imirt sa daonlathas, agus ní mór sceithirí a chosaint. Trí chomhar póilíneachta agus breithiúnach a neartú treiseofar an comhrac in aghaidh na coireachta eagraithe trasteorann agus in aghaidh na sceimhlitheoireachta.

EORAIP FHEIMINEACH INA BHFUIL CEARTA COMHIONANNA DO CHÁCH. Níl aon chineál idirdhealaithe inghlactha inár sochaithe Eorpacha nua-aimseartha. Teastaíonn Straitéis Chomhionannais Inscne an Aontais uainn atá ceangailteach, trína leanfaimid orainn de bheith chun tosaigh sa chomhrac d’fhonn deireadh a chur leis na bearnaí pá agus pinsin, gnéaschiapadh agus foréigean inscne, agus a chinntiú go mbeidh rochtain ag gach duine ar a c(h)earta gnéis agus atáirgthe iomlána. Tá sé de cheart ag gach duine cinneadh a dhéanamh maidir lena c(h)orp féin. Creidimid i sochaí ina mbeidh an chothromaíocht oibre-saoil céanna ag mná agus fir agus ina bhfuil rannpháirtíocht pholaitiúil chomhionann; tá an ceart ag gach bean chun gairme, díreach mar atá sé de cheart ag gach fear a leanaí a thógáil agus aire a thabhairt dá theaghlach. Beidh muid gan staonadh inár gcomhrac chun deireadh a chur le gach cineál idirdhealaithe. Ba cheart go mbainfeadh an Eoraip constaicí dlíthiúla agus sochaíocha de dhaoine LGBTI chun maireachtáil go saor, go cothrom agus le meas.

EORAIP FHORÁSACH LE PLEAN DON ÓIGE. Tabharfaidh ár sochaithe aghaidh ar an todhchaí le níos mó dóchais nuair a bheidh deiseanna níos fearr ann dár n-óige agus nuair nach mbeidh eagla ar ár ndaoine scothaosta a thuilleadh faoin éiginnteacht níos moille anonn ina saol. Ní mór cumhacht a bheith ag na hEorpaigh óga agus ní mór na scileanna a thabhairt dóibh chun a dtodhchaí a mhúnlú agus le go mbeidh siad ina saoránaigh ghníomhacha. Ní mór forbairt na nglúnta atá le teacht tógáil ar phrionsabal na dlúthpháirtíochta idirghlúine. Níl sé inghlactha go bhfuil nach mór leanbh amháin as gach ceathar leanaí i mbaol bochtaineachta. Caithfidh rochtain a bheith ag gach leanbh ar chúram sláinte, cúram leanaí, oideachas, tithíocht agus cothú d’ardchaighdeán. Cuirfimid Ráthaíocht Eorpach do Leanaí i bhfeidhm chun a chinntiú go dtiocfaidh sé sin i gcrích. Chun ár gcuspóirí a bhaint amach d'fhostaíocht iomlán don aos óg agus chun an eisiamh sóisialta a laghdú, leathnóimid an Ráthaíocht Óige freisin – a chabhraíonn cheana féin le milliúin d'ógánaigh Eorpacha chun post maith a fháil, chun socrúchán oibre nó oideachas d’ardchaighdeán a fháil. Is ceart é an t-oideachas a chaithfear a bheith inrochtana do chách. Leanfaimid orainn ag tacú le Erasmus+ agus á threisiú agus ag cinntiú go bhféadfaidh sé a bheith chun leasa daoine ó gach cúlra sóisialta. Ar deireadh, ba mhaith linn Seiceanna Eorpacha Cultúir chun tacú le rochtain daoine óga ar chultúr.

EORAIP LÁIDIR AGUS AONTAITHE A CHUIREANN DOMHAN NÍOS FEARR CHUN CINN. I ndomhan atá ag éirí níos éagobhsaí, ní mór don Eoraip a bheith ina eiseamláir daonlathais, síochána agus cobhsaíochta, chomh maith le bheith ina thagarmharc don cheartas sóisialta, idirphlé, iltaobhachas, cearta an duine, obair chuibhiúil, smacht reachta, forbairt inbhuanaithe agus comhionannas inscne. Ní mór dúinn a bheith aontaithe i bhfianaise chomhpháirtithe nach bhfuil intuartha agus atá leithliseach, agus cineál éagsúil domhandaithe a chur chun cinn. Ag an am céanna, ba cheart don Aontas a bheith go diongbháilte ag lorg athchóirithe ar na Náisiúin Aontaithe. Déanfaimid cinnte go gcuimseoidh an tAontas Eorpach caighdeáin shóisialta agus comhshaoil atá ceangailteach, cearta an duine, cosaint tomhaltóirí agus cearta oibrithe i ngach comhaontú trádála sa todhchaí. Ba cheart go ndéanfaí formhaoirseacht dhaonlathach ar na comhaontuithe sin, agus go n-áiritheofar rannpháirtíocht chuí na sochaí

sibhialta. Táimid i gcoinne an chórais eadrána phríobháidigh den seandéanamh. Glacfaimid leis an ngealltanas infheistíocht 0.7% dár n-ollioncam náisiúnta a dhéanamh i gcúnamh forbraíochta oifigiúil, agus ár gcomhpháirtíochtaí a neartú le tíortha i mbéal forbartha. Déanfaimid tuilleadh forbartha ar ár gcomhchosaint Eorpach, trí acmhainní a chomhthiomsú agus a chomhroinnt chun síocháin agus slándáil a áirithiú, i gcomhar le hEagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile.

Teastaíonn comhbheartas cothrom tearmainn agus imirce ón Eoraip, atá bunaithe ar fhreagracht chomhpháirteach agus ar dhlúthpháirtíocht i measc na mBallstát, agus ar chomhar le tíortha tionscnaimh agus idirthurais. D'fhéadfadh muid go léir leas a bhaint as córas imirce dea-bhainistithe, rialta agus cothrom; féadfaidh sé sin an geilleagar a neartú, poist nua a ghiniúint agus ár gcóras leasa a chothabháil. Ní mór don Eoraip imirce a bhainistiú ar bhealach níos dínitiúla, níos cothroime agus níos ordúla, ag coimeád rialú éifeachtach ar a theorainneacha agus ag comhrac i gcoinne gháinneáil ar dhaoine agus dúshaothrú coiriúil ar dhaoine, agus ag cur le cosaint do dhaoine a bhfuil tearmann ag teastáil uathu. Chuige sin, ní mór dúinn bealaí sábháilte agus dlíthiúla a oscailt, tacú le cumais chosanta sna réigiúin in aice láimhe agus aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna atá leis an imirce, lena n-áirítear an t-athrú aeráide. Chuige sin éileofar comhpháirtíocht nua leis an Afraic agus Plean Eorpach Infheistíochta cuimsitheach don Afraic. Cuirfimid maoiniú níos fearr ar bheartais chomhtháthaithe chun cinn chomh maith le tacaíocht do chathracha agus do phobail óstacha.

Tugann na toghcháin Eorpacha i mí na Bealtaine 2019 an deis chun **Conradh Sóisialta nua** a shíniú don **Eoraip a chosnaíonn cearta na saoránach agus a chuireann an dlúthpháirtíocht chun cinn**, don Eoraip a ráthaíonn saol níos fearr do mhórchuid na ndaoine, ní do bheagán daoine. Táimid **ag troid ar son anam na hEorpa**, **agus ar son ár dtodhchaí chomhchoiteann**. Déanfaidh Páirtí na Sóisialaithe Eorpacha dul chun cinn agus feabhsófar leis saol na saoránach i sráidbhailte, i mbailte, i gcathracha agus i réigiúin ar fud na hEorpa. **Trí thacaíocht a thabhairt do bhallpháirtithe PSE, beidh tú ag tacú leis an Eoraip sin a thógáil.**